

Ionstraim Reachtúil

I.R. Uimh. 279 de 2005

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) 2005

ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR, BAILE ÁTHA CLIATH

Le ceannach díreach ó

OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,

TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2.

Nó tríd an bpost ó

FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,

51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.

(Teil: 01-647 6834/35/36/37; Facs 01-647 6843)

Nó trí aon díoltóir leabhar.

(PRN A5/0876)

Praghas 3.05

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) 2005

Rialachán

1. Lua agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Teorainn ar iarratas etc.
4. Oibleagáid faisnéis a sholáthar don Aire
5. Doiciméid a scaoileadh
6. Muirear a ghearradh ar athúsáid doiciméad
7. Trédhearcacht
8. Ceadúnú
9. Srian le cearta eisiatacha a dheonú
10. Achomhairc
11. Coimisinéir Achomhairc a cheapadh
12. Athbhreithniú ar chinneadh ó Choimisinéir Achomhairc
13. Iarraidh ar thuilleadh faisnéise.
14. Cumhachtaí Coimisinéara Achomhairc
15. Achomharc chun na hArd-Chúirte
16. Réamhchúirte ar thaobh na Cúirte agus Coimisinéara Achomhairc i gcoinne faisnéis áirithe a nochtadh

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) 2005.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 3 d'Acht na gComhphobal Eorpach 1972 (Uimh. 27 de 1972), agus chun éifeacht a thabhairt do Threoir 2003/98/CE an 17 Samhain 2003¹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déanaimse, Brian Ó Comhain, T.D., Aire Airgeadais, na rialacháin seo a leanas:

Lua agus tosach feidhme

1. (1) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) 2005 is teideal do na Rialacháin seo.

(2) Tagann na Rialacháin seo i ngníomh an 1 Eanáir 2005.

Léiriú

2. (1) Sna Rialacháin seo—

ciallaíonn “Coimisinéir Achomhairc” duine a cheaptar sa cháil sin faoi Rialachán 11;

ciallaíonn “comhlacht arna rialú le dlí poiblí” comhlacht, ag a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil, a bhunaítear go sonrach chun freastal ar riachtanais ar mhaithe leis an leas ginearálta, nach bhfuil carachtar tráchtála aige, agus a mhaoinítear go formhór ag ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) an Stát,

(b) údarás réigiúnach;

(c) údarás áitiúil,

(d) aon chomhlacht eile arna rialú le dlí poiblí;

(e) comhlacht a thagann faoi réir maoirseachta bainistíochta ag ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí dá dtagraítear i míreanna (a), (b), (c) agus (d);

(f) comhlacht ag a bhfuil bord riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta agus, maidir leis an mbord sin, a ndéanann ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí dá dtagraítear i míreanna (a), (b), (c) agus (d) níos mó ná an leathchuid dá chomhaltaí a cheapadh;

ciallaíonn “Treoir” Treoir 2003/98/CE an 17 Samhain ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

ciallaíonn “doiciméad” aon chineál doiciméid, taifead nó sonraí, ina iomláine nó ina n-iomláine, nó aon chuid den chéanna, cibé acu i bhfoirm fhisiceach, i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm eile agus foláinonn sé—

¹ OJ Uimh. L 345, 31 Nollaig 2003, lch. 90

(a) aon mheabhrán, leabhar, plean, léarscáil, líníocht, léaráid, saothar pictiúrtha nó grafach,

(B) aon ghrianghraf, agus

(c) aon fhuaimthaifeadadh, amharcthaifeadadh nó aon taifeadadh clos-amhairc;

folaíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais agus, maidir le cumhachtaí agus dualgais, folaíonn tagairtí do chomhlíonadh feidhmeanna tagairtí d’fheidhmeanna a fheidhmiú agus do dhualgais a chomhall;

ciallaíonn “údarás áitiúil” údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil 2001 (Uimh. 37 de 2001);

ciallaíonn “Aire” an tAire Airgeadais;

tá le “sonraí pearsanta” an bhrí chéanna atá leis sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003;

ciallaíonn “comhlacht earnála poiblí”—

(a) an Stát,

(b) údarás réigiúnach;

(c) údarás áitiúil,

(d) aon chomhlacht eile arna rialú le dlí poiblí, nó

(e) comhlachas arna fhoirmiú ag comhlacht nó comhlachas amháin, nó ag roinnt comhlachtaí nó comhlachas, dá dtagraítear sa mhíniú seo,

ciallaíonn “údarás réigiúnach” comhlacht arna bhunú de réir alt 43 den Acht Rialtais Áitiúil 1991 (Uimh. 11 de 1991);

ciallaíonn “iarrthóir”, i ndáil le hiarraidh ar dhoiciméad a iarraidh lena athúsáid de bhun na Rialachán seo, an duine a dhéanann an iarraidh;

ciallaíonn “athúsáid”, i ndáil le doiciméad a shealbhaíonn comhlacht earnála poiblí, úsáid an doiciméid ag pearsa aonair nó ag eintiteas dlíthiúil chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála seachas an chríoch thosaigh laistigh den tasc poiblí ar táirgeadh an doiciméad ina leith, ach ní fholáíonn sé malartú doiciméid den sórt sin idir comhlachtaí earnála poiblí d’aon toisc chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Sna Rialacháin seo, mura léirítear a mhalairt—

(a) aon tagairt do Rialachán is tagairt í do Rialachán de chuid na Rialachán seo,

(b) aon tagairt do mhír nó d'fhómhír is tagairt í do mhír nó d'fhómhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt.

(3) Aon fhocal nó abairt a úsáidtear sa Treoir tá leis nó léi, mura léir a mhalairt a bheith beartaithe, an bhrí chéanna atá leis nó léi sna Rialacháin seo atá leis nó léi sa Treoir.

Teorainn ar iarratas etc.

3. (1) Ní bhaineann na Rialacháin seo leis na nithe seo a leanas—

(a) doiciméid nach dtagann an ghníomhaíocht a ghabhann lena soláthar faoi réim thasc poiblí na gcomhlachtaí eanála poiblí lena mbaineann de réir mar a fhoráiltear—

(i) le dlí, nó

(ii) ar shlí eile de réir gnáthchleachtais riaracháin.

(b) doiciméid ar ina leith a shealbhaíonn tríú páirtithe cearta maoiníntleachta;

(c) doiciméid a bhféadfaí iad a eisiamh ó rochtain faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003, seachas doiciméid lena mbaineann alt 46(2) den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Uimh. 13 de 1997);

(d) doiciméid a shealbhaíonn craoltóirí seirbhíse poiblí agus a bhfochuideachtaí agus aon chomhlachtaí eile agus a gcuid fochuideachtaí chun cúram craolacháin seirbhíse poiblí a chomhall;

(e) doiciméid a shealbhaíonn forais oideachais agus taighde, lena n-áirítear scoileanna, ollscoileanna, cartlanna, leabharlanna agus saoráidí taighde agus, más iomchuí, eagraíochtaí arna mbunú chun torthaí taighde a aistriú;

(f) doiciméid a shealbhaíonn forais chultúir, lena n-áirítear músaeim, leabharlanna, cartlanna, ceolfhoirne agus forais ealaíon taibhithe

(2) Ní léifear aon ní sna Rialacháin seo mar ní—

(a) a dhéanann difear d'aon cheart nó feidhm faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003,

(b) lena gceadaítear scaoileadh faisnéise ag comhlacht eanála poiblí ar shlí a thoirmisctear le dlí, nó

(c) lena gceanglaítear faisnéis lena ngabhann pribhléid dlí a scaoileadh.

(3) Níl feidhm ag na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis na Rialacháin seo ach amháin a mhéid atá siad i gcomhréir le forálacha comhaontuithe idirnáisiúnta ar chosaint ceart maoinne intleachta, go háirithe Coinbhinsiún Berne maidir le Cosaint Saothar Litríochta agus Ealaíne agus an Comhaontú ar Ghnéithe Thrádáil-Choibhneasa de Chearta Maoinne Intleachta (Comhaontú TRIPS).

Oibleagáid faisnéis a sholáthar don Aire

4. (1) Déanfaidh comhlacht earnála poiblí na nithe seo a leanas a sholáthar don Aire—

(a) i ndáil le doiciméid a chuireann an comhlacht earnála poiblí ar fáil lena n-athúsáid, faisnéis a bhaineann leis na doiciméid sin, agus

(b) cibé faisnéis eile a éileoidh an tAire ó am go ham chun a chumasú dó nó di na bearta réasúnacha go léir a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil socruithe praiticiúla i bhfeidhm chun cuardach ar dhoiciméid atá ar fáil lena n-athúsáid a éascú.

(2) Comhlíonfaidh comhlacht earnála poiblí aon iarraidh eile ón Aire ar fhaisnéis ar iarraidh é a dhéanfar ó am go ham chun críocha na Rialachán seo nó chun críocha na Treorach.

(3) Beidh faisnéis a sholáthraítear faoin Rialachán seo i cibé formáid a shonróidh an tAire.

Doiciméid a scaoileadh

5. (1)(a) Féadfaidh persa aonair nó eintiteas dlíthiúil iarraidh a dhéanamh, i bhfoirm inléite, ar chomhlacht earnála poiblí chun doiciméid a scaoileadh lena n-athúsáid.

(b) Léireofar go soiléir i ngach iarraidh faoi fhomhír (a) go bhfuil sí á déanamh chun go bhféadfar faisnéis earnála poiblí a athúsáid.

(c) Gach iarraidh a dhéantar i dteanga seachas Gaeilge nó Béarla, beidh aistriúchán ar an iarraidh, i nGaeilge nó i mBéarla, ag gabháil léi.

(2) Faoi réir mhír (3), ní chuireann aon ní sna Rialacháin seo oibleagáid ar aon chomhlacht earnála poiblí doiciméid a scaoileadh lena n-athúsáid.

(3)(a) I gcás ina gcinneann comhlacht earnála poiblí doiciméad a chur ar fáil lena athúsáid, ansin déanfaidh an comhlacht, tar éis iarraidh a fháil ó iarrthóir—

(i) an iarraidh a phróiseáil agus na doiciméid atá le hathúsáid a sheachadadh ar an iarrthóir, nó

(ii) más gá, tairiscint ceadúnais don iarrthóir a thabhairt chun críche—

(I) laistigh de 40 lá oibre ón dáta a fhaightear an iarraidh, más iarraidh fhorleathan nó iarraidh chasta atá i gceist, nó

(II) in aon chás eile, laistigh de 20 lá oibre ón dáta a fhaightear an iarraidh.

(b) Más rud é, maidir le próiseáil na hiarrata agus seachadadh na ndoiciméad lena mbaineann ar an iarrthóir, go dtógfaidh sé, nó gur dóigh go dtógfaidh sé, tréimhse is faide ná 20 lá oibre ón dáta a fhaightear an iarraidh, ansin déanfaidh an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann an méid sin a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 3 sheachtain tar éis an iarraidh thosaigh a fháil.

(c) Ní dhéanfaidh aon ní sa mhír seo difear do cheart eisiatach a dheonú, de réir Rialachán 9, chun doiciméad a athúsáid i gcás inar gá an deonú sin chun seirbhís a sholáthar ar mhaithe le leas an phobail.

(4)(a) I gcás ina ndiúltaíonn comhlacht earnála poiblí d'iarraidh faoin Rialachán seo, Déanfaidh sé na forais is cúis leis an diúltú a chur in iúl don iarrthóir, go háirithe, agus más cuí, faoi threoir na nithe atá i bhfómhír (a), (b) nó (c) de Rialachán 3(1) nó i mír (2) den Rialachán seo.

(b) I gcás an diúltú a bheith bunaithe ar na cearta maoinne intleachta atá ag tríú páirtí, déanfaidh an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann tagairt don tríú páirtí, más eol an méid sin, nó, mar mhalairt air sin, tagairt don cheadúnóir óna bhfuair an comhlacht earnála poiblí an t-ábhar, a chur san áireamh sa chumarsáid ina gcuirtear an diúltú in iúl.

(5)(a) I gcás ina gcuireann comhlacht earnála poiblí doiciméad ar fáil lena athúsáid, cuirfidh sé an doiciméad ar fáil in aon fhormáid nó in aon teanga ina raibh sé roimhe sin, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, más féidir agus más cuí.

(b) Ní cheanglaítear ar chomhlacht earnála poiblí le haon ní sna Rialacháin seo—

(i) aon doiciméad a chruthú nó a oiriúnú chun iarraidh a chomhlíonadh,

(ii) sleachta as doiciméid a sholáthar i gcás ina mbeadh gá le hiarracht dhíréireach, seachas oibríocht shimplí,

(iii) leanúint de chineál áirithe doiciméad a tháirgeadh d'fhonn iad a athúsáid.

Muirear a ghearradh ar athúsáid doiciméad

6. (1)(a) Féadfaidh comhlacht earnála poiblí muirear a ghearradh ar athúsáid doiciméad.

(b) I gcás ina ngearrtar muirir, déanfar iad a ríomh ar an mbonn nach mbeidh an t-ioncam iomlán a bhfuiltear ag súil leis as doiciméid a sholáthar agus cead a thabhairt iad a athúsáid níos mó ná an costas measta a ghabhann le bailiú, táirgeadh, atáirgeadh agus scaipeadh, mar aon le brabús réasúnach ar infheistíocht.

(c) Is ceart muirir a bheith cost-dírthe thar an tréimhse chuí cuntasáíochta agus is ceart iad a ríomh i gcomhréir leis na prionsabail chuntasáíochta is infheidhme sna comhlachtaí earnála poiblí lena mbaineann.

(2) Ní léifear aon ní i mír (1) chun na nithe seo a leanas a chosc—

(a) faisnéis a mhalartú saor in aisce idir comhlachtaí earnála poiblí chun tascanna poiblí a fheidhmiú fiú amháin dá mba rud é, in aon chás eile, go bhforchuirfí muirear i leith na hathúsáide lena mbaineann, nó

(b) beartas muirearaithe difreálach a ghlacadh i ndáil le hathúsáid tráchtála agus athúsáid neamhtráchtála.

Más rud é, maidir le doiciméid a dhéanann, nó a fhéadfaidh, comhlacht earnála poiblí a chur ar fáil faoi na Rialacháin seo, go n-athúsáideann comhlacht earnála poiblí iad mar ionchur le haghaidh a ghníomhaíochtaí tráchtála nach dtagann faoi réim a chuid tascanna poiblí, beidh feidhm ag na muirir chéanna agus ag na coinníollacha eile maidir le soláthar na ndoiciméad i gcomhair na ggníomhaíochtaí sin mar atá feidhm acu maidir le húsáideoirí eile.

Trédhearcacht

7. (1) Maidir le haon choinníollacha infheidhme agus muirir chaighdeánacha a bhaineann le hathúsáid doiciméad a shealbhaíonn comhlacht earnála poiblí—

(a) déanfar iad a réamhbhunú, agus

(b) más féidir agus más cuí, déanfar iad a fhoilsiú trí mheán leictreonach.

Ar iarraidh a fháil, léireoidh comhlacht earnála poiblí na nithe seo a leanas—

(a) an bonn ar dá réir a ríomhadh an muirear a fhoilsítear, agus

(b) na nithe a chuirfear i gcuntas le linn muirir i leith cásanna nach gnáthchásanna iad a ríomh.

(3) Cinnteoidh comhlachtaí earnála poiblí go ndéantar faisnéis faoi na modhanna chun sásamh a fháil i leith cinntí nó cleachtas a fhearann ar iarrthóirí a chur in iúl d'iarrthóirí ar athúsáid doiciméad.

Ceadúnú

8. (1) Féadfaidh comhlacht earnála poiblí socrú a dhéanamh chun athúsáid doiciméad a cheadú gan choinníollacha nó féadfaidh sé coinníollacha a fhorchur, más cuí, trí cheadúnas ina ndéileáiltear le saincheisteanna iomchuí. Maidir leis na coinníollacha sin, ní chuirfidh siad srian neamhriachtanach ar athúsáid agus ní úsáidfeair iad chun iomaíocht a shrianadh.

(2) Faoi réir Rialachán 6(2), beidh aon choinníollacha is infheidhme maidir le hathúsáid doiciméad neamh-idirdhealaitheach i dtaca le hearnálacha inchomparáide athúsáide.

(3) Cinnteoidh an tAire go mbeidh ceadúnais chaighdeánacha i leith doiciméid a athúsáid, ar ceadúnais iad a bheidh inoiriúnaithe chun déileáil le hiarratais áirithe ar cheadúnas, ar fáil i bhformáid dhigiteach agus gur féidir iad a phróiseáil go leictreonach.

Srian le cearta eisiatacha a dheonú

9. (1)(a) Maidir le conarthaí nó socrúithe eile idir comhlacht earnála poiblí agus tríú páirtí i leith aon doiciméid, ní dheonófar leis nó leo cearta eisiatacha chun an doiciméad a athúsáid, mura rud é gur gá deonú den sórt sin chun seirbhís a sholáthar ar mhaithe le leas an phobail.

(b) Le linn cinneadh a dhéanamh—

(i) i dtaobh an mbeadh gá le ceart eisiatach a dheonú chun doiciméad a athúsáid chun seirbhís a sholáthar ar mhaithe le leas an phobail, nó

(ii) tar éis aon athbhreithnithe ar dheonú den sórt sin, i dtaobh an mbeadh gá le leanúint den deonú chun seirbhís a sholáthar ar mhaithe le leas an phobail,

féadfar aird a thabhairt ar imthosca ar iontu, tar éis athbhreithnithe den sórt sin, nach ndéanfaidh aon fhoilsitheoir tráchtála faisnéis atá bainteach leis an doiciméad lena mbaineann a fhoilsiú gan deonú den sórt sin nó gan cead a bheith tugtha chun leanúint den deonú.

(2) Maidir le deonú ceart eisiatach de réir mhír (1) chun doiciméad a athúsáid—

(a) beidh sé faoi réir athbhreithnithe rialta ag eatraimh nach faide ná 3 bliana, agus

(c) scoirfidh sé de bheith ina dheonú ceart eisiatach i gcás ina gcinntear nach bhfuil gá leis chun seirbhís a sholáthar ar mhaithe le leas an phobail, agus déanfaidh an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann na bearta go léir is gá chun críocha na míre seo.

(3) Aon chomhlacht earnála poiblí a dhéanann cearta eisiatacha a dheonú, an 1 Iúil 2005 nó dá éis, chun doiciméad a athúsáid, cinnteoidh sé go bhfuil an Conradh nó an socrú eile lena mbaineann trédhearcach agus go gcuirtear ar fáil go poiblí é.

(4) maidir le haon chonradh nó socrú eile—

(a) arna dhéanamh roimh an 1 Iúil 2005 idir comhlacht earnála poiblí agus tríú páirtí, ar conradh nó socrú é lena ndéanfaítear cearta eisiatacha chun doiciméad a athúsáid, agus

(b) nach bhfuil gá leis chun seirbhís a sholáthar ar mhaithe le leas an phobail,

déanfar é a fhoirceannadh ar an dáta a thagann deireadh leis an gconradh nó leis an socrú eile, nó scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis tar éis an 31 Nollaig 2008, cibé dáta díobh is is túisce.

Achomhairc

10. (1) I gcás ina gcinneann comhlacht earnála poiblí—

(a) diúltú cead a thabhairt d'iarrthóir doiciméad a athúsáid,

(a) diúltú ceart eisiatach a dheonú d'iarrthóir chun doiciméad a athúsáid,

(c) athúsáid doiciméid a cheadú ach sin faoi réir táille áirithe a íoc, ar táille í a greideann an t-iarrthóir ina leith nach bhfuil sí i gcomhréir le ceanglais na Rialachán seo i dtaca le méid na táille áirithe sin a shocrú, nó

(d) athúsáid doiciméid a cheadú faoi réir coinníollacha a fhorchuirtear,

Ansin, féadfaidh an t-iarrthóir achomharc a dhéanamh i gcoinne an diúltaithe, i gcoinne mhéid na táille áirithe nó i gcoinne aon choinníll a fhorchuirtear, de réir mar a bheidh.

(2) Déanfar achomharc a chur chuig an Aire i bhfoirm inléite.

(3) Maidir le hachomharc faoi mhír (1), déanfar é—

(a) tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis an fógra faoi chinneadh an chomhlachta earnála poiblí a chur in iúl don iarrthóir lena mbaineann, nó

(b) i gcás inarb é tuairim an Aire nó, má fhágann an tAire an t-ábhar lena bhreithniú ag Coimisinéir Achomhairc, i gcás inarb é tuairim an Choimisinéara Achomhairc, go bhfuil forais réasúnacha ann chun an tréimhse sin a fhadú, déanfar é ag deireadh tréimhse breise ina mbeidh cibé fad a chunfadh sé nó sí.

Coimisinéir Achomhairc a cheapadh

11. (1) Tar éis achomharc a fháil faoi Rialachán 10(2), déanfaidh an tAire, faoi réir Rialachán 10(3), duine a cheapadh chun feidhmiú mar Choimisinéir Achomhairc chun achomharc a sheoladh faoi na Rialacháin seo.

(2) Ní dhéanfaidh an tAire duine a cheapadh mar Choimisinéir Achomhairc ach amháin le toiliú ón duine sin.

(3) Beidh an Coimisinéir neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.

(4)(a) I gcás ina gceapann an tAire duine mar Choimisinéir Achomhairc chun achomharc a sheoladh agus, maidir leis an duine—

(i) go gceaptar é nó í de bhua oifig reachtúil a shealbhú (“sealbhóir oifige”) ar ina leith atá an sealbhóir oifige neamhspleách le linn feidhmeanna a fheidhmiú faoi na hachtacháin lena mbaineann, agus

(ii) go bhforáiltear leis na hachtacháin sin go bhféadfaidh an sealbhóir oifige aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna mar Choimisinéir Achomhairc a tharmligean chuig duine dá fhoireann nó dá foireann, ansin féadfaidh an sealbhóir oifige a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar Choimisinéir Achomhairc a tharmligean i leith an achomhairc sin chuig duine dá fhoireann nó dá foireann.

(b) I gcás tarmligean a bheith déanta faoi fhomhír (a), déanfar tagairtí don Choimisinéir Achomhairc in áiteanna eile sna Rialacháin seo a léamh, más cuí ag féachaint don tarmligean, mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d’aon duine a bhfuil feidhmeanna arna dtarmligean chuige nó chuici leis an tarmligean.

(c) Más rud é, faoi fhomhír (a), go bhfuil sealbhóir oifige tar éis a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar Choimisinéir Achomhairc a tharmligean i leith achomhairc agus, dá éis sin, go scoireann an sealbhóir oifige, ar aon chúis, de bheith ina Choimisinéir Achomhairc nó ina Coimisinéir Achomhairc, ansin ní dhéanfaidh an scor sin difear d’fheidhmiú leanúnach na bhfeidhmeanna arna dtarmligean amhlaidh i leith an achomhairc.

(5)(a) Féadfaidh Coimisinéir Achomhairc éirí as oifig tríd an méid sin a chur in iúl don Aire i scríbhinn agus beidh éifeacht leis an éirí as an tráth a chuirtear an méid sin in iúl don Aire.

(b) Maidir le duine a fheidhmíonn feidhmeanna de bhua tarmligin a dhéantar faoi mhír (4)(a), scoirfidh sé nó sí de na feidhmeanna sin a fheidhmiú—

(i) má chúlghaireann an Coimisinéir Achomhairc an tarmligean, nó

(ii) má scoireann an duine de bheith ina dhuine nó ina duine d’fhoireann an Choimisinéara Achomhairc,

agus, dá dhroim sin, tá na feidhmeanna sin infheidhmithe ag an gCoimisinéir Achomhairc nó ag cibé duine eile ar chuige nó chuici a tharmligeann an Coimisinéir Achomhairc na feidhmeanna sin faoi mhír (4)(a).

(6) Sa Rialachán seo—

(a) foláíonn tagairt do dhuine d’fhoireann, más cuí, fostaí, oifigeach nó seirbhíseach, agus

(b) foláíonn tagairt do dhuine d’fhoireann sealbhóra oifige nó do dhuine d’fhoireann an Choimisinéara Achomhairc, más cuí, duine d’fhoireann an chomhlachta lena mbaineann.

Athbhreithniú ar chinneadh ó Choimisinéir Achomhairc

12. (1) Baineann an Rialachán seo le cinntí ó chomhlacht earnála poiblí lena mbaineann Rialachán 10(1).

(2) Maidir leis an gCoimisinéir Achomhairc—

(a) déanfaidh sé nó sí athbhreithniú de réir na Rialachán seo ar chinneadh lena mbaineann an Rialachán seo, agus

(b) tar éis an athbhreithnithe, féadfaidh sé nó sí, de réir mar a chinneadh an Coimisinéir Achomhairc, a chinneadh—

(i) an cinneadh a dhaingniú nó a athrú, nó

(ii) an cinneadh a neamhniú agus, más cuí, cibé cinneadh is cuí leis nó léi a dhéanamh i ndáil leis an ábhar lena mbaineann,

de réir na Rialachán seo.

(3) Maidir le cinneadh ó Choimisinéir Achomhairc faoi mhír (2), déanfar é a luaithe is féidir agus, a mhéid is indéanta, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis don Choimisinéir Achomhairc an t-iarratas ar an athbhreithniú lena mbaineann a fháil.

(4)(a) Aon duine a dhéanann iarratas faoi mhír (2), féadfaidh sé nó sí, trí fhógra i scríbhinn a thugtar don Choimisinéir Achomhairc, aon tráth sula ndéantar fógra faoi mhír (9) i ndáil leis an iarratas a thabhairt don duine, an t-iarratas a tharraingt siar.

(b) Déanfaidh an Coimisinéir Achomhairc a chur faoi deara cóip d'aon fhógra a thugtar dó nó di faoin mír seo a thabhairt don chomhlacht earnála poiblí lena mbaineann agus d'aon duine eile ar ceart, i dtuairim an Choimisinéara Achomhairc, é a thabhairt dó nó di.

(5) A luaithe is féidir tar éis don Choimisinéir iarratas faoi mhír (2) a fháil, déanfaidh an Coimisinéir Achomhairc—

(a) a chur faoi deara an t-iarratas a thabhairt don chomhlacht earnála poiblí lena mbaineann, agus

(b) má bheartaíonn sé nó sí an cinneadh lena mbaineann a athbhreithniú, a chur faoi deara an méid sin a chur in iúl don chomhlacht earnála poiblí lena mbaineann agus d'aon duine eile ar ceart, i dtuairim an Choimisinéara Achomhairc, fógra a fháil faoina bhfuil beartaithe.

(6) I gcás ina ndéantar iarratas faoi mhír (2), féadfaidh an Coimisinéir Achomhairc aon tráth iarracht a dhéanamh socrú maidir leis an ábhar lena mbaineann a bhaint amach idir na páirtithe lena mbaineann agus féadfaidh sé nó sí, chun na críche sin, d'ainneoin mhír (3), an t-athbhreithniú lena mbaineann a chur ar fionraí ar feadh cibé tréimhse a

chomhaontófar leis na páirtithe lena mbaineann agus, más cuí, scor den athbhreithniú lena mbaineann.

(7) Maidir le hathbhreithniú atá beartaithe faoin Rialachán seo—

(a) féadfaidh an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann, agus

(b) féadfaidh aon duine eile a fhaigheann fógra faoin athbhreithniú faoi mhír (5),

aighneachtaí a dhéanamh (i scríbhinn nó ó bhéal nó i cibé foirm eile a chinnfidh an Coimisinéir Achomhairc) chuig an gCoimisinéir Achomhairc i ndáil le haon ní a bhaineann leis an athbhreithniú agus déanfaidh an Coimisinéir aon aighneachtaí den sórt sin a chur i gcuntas chun críocha an athbhreithnithe.

(8)(a) Féadfaidh an Coimisinéir Achomhairc diúltú géilleadh d'iarratas faoi mhír (2) nó féadfaidh sé nó sí scor d'athbhreithniú faoin Rialachán seo más rud é go dtagann sé nó sí ar an tuairim—

(i) go bhfuil an t-iarratas réamhráite nó an t-iarratas lena mbaineann an t-athbhreithniú (“an t-iarratas”) suaibhreasach nó cráiteach,

(ii) nach mbaineann an t-iarratas le cinneadh arna shonrú i mír (1), nó

(iii) go bhfuil, go raibh nó go mbeidh an t-ábhar lena mbaineann an t-iarratas ina ábhar d’athbhreithniú eile faoin Rialachán seo.

(b) le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ndiúltófar géilleadh d’iarratas faoi mhír (2) nó an scoirfear d’athbhreithniú faoin Rialachán seo, gníomhóidh an Coimisinéir Achomhairc de réir a rogha féin ach sin faoi réir fhorálacha na Rialachán seo.

Déanfaidh an Coimisinéir Achomhairc fógra, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, faoi chinneadh faoi mhír (2)(b), nó faoi dhiúltú nó scor faoi mhír (8), agus na cúiseanna leis sin, a thabhairt dóibh seo a leanas—

(a) an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann,

(b) an duine a bhfuil achomharc á dhéanamh aige nó aici chuig an gCoimisinéir Achomhairc i gcoinne chinneadh an chomhlachta earnála poiblí lena mbaineann, agus

(c) aon duine eile ar ceart, i dtuairim am Choimisinéara Achomhairc, an fógra sin a thabhairt dó nó di

(10) Déanfar an fógra dá dtagraítear i mír (9) a thabhairt a luaithe is féidir tar éis an chinnidh, an diúltaithe nó an scortha lena mbaineann agus, má bhaineann sé le cinneadh faoi mhír (2), tabharfar é, a mhéid is indéanta, laistigh den tréimhse a shonraítear i mír (3).

Maidir le cinneadh de chuid an Choimisinéara Achomhairc tar éis athbhreithnithe faoin Rialachán seo, sonrúfar ann, más cuí, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh agus, le linn tréimhse den sórt sin a shocrú, tabharfaidh an Coimisinéir Achomhairc aird ar a inmhianaithe atá sé, faoi réir aon achomhairc chun na hArd-Chúirte i gcoinne an chinnidh, éifeacht a thabhairt do chinneadh den sórt sin a luaithe is féidir tar éis mír (10) a chomhlíonadh i ndáil leis.

(12) Faoi réir fhorálacha na Rialachán seo, maidir le cinneadh faoi mhír (2)—

(a) a mhéid atá sé ar neamhréir le cinneadh lena mbaineann Rialachán 5(3), beidh éifeacht leis in ionad an chinnidh lena mbaineann an Rialachán sin, agus

(b) beidh sé ina cheangal ar na páirtithe lena mbaineann.

Iarraidh ar thuilleadh faisnéise.

13. (1) Más rud é—

(a) go ndéantar iarratas faoi Rialachán 10 ar athbhreithniú ag Coimisinéir Achomhairc ar chinneadh de chuid comhlachta earnála poiblí, agus

(b) go measann nach leor an ráiteas ar na cúiseanna leis an gcinneadh dá dtagraítear i Rialachán 5(3),

ansin ordóidh an Coimisinéir Achomhairc don chomhlacht earnála poiblí lena mbaineann ráiteas i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear a thabhairt don iarrthóir lena mbaineann agus don Choimisinéir Achomhairc ar ráiteas é ina mbeidh aon fhaisnéis bhreise i ndáil leis na nithe sin atá faoi chumhacht nó faoi rialú an chomhlachta earnála poiblí.

Déanfaidh comhlacht earnála poiblí ordachán faoin Rialachán seo a chomhlíonadh a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 3 sheachtain tar éis é a fháil nó tráth nach déanaí ná cibé tréimhse nó tréimhsí is faide ná sin a mheasann an Coimisinéir Achomhairc is cuí sna himthosca.

Cumhachtaí Coimisinéara Achomhairc

14.—(1) Féadfaidh an Coimisinéir Achomhairc, chun críocha athbhreithnithe faoi Rialachán 12—

(a) a cheangal ar aon duine atá, i dtuairim an Choimisinéara Achomhairc, i seilbh faisnéise, nó a bhfuil taifead faoina chumhacht nó faoina cumhacht nó faoina rialú, is faisnéis nó taifead atá, i dtuairim an Choimisinéara Achomhairc, iomchuí maidir leis na críocha sin, aon fhaisnéis nó taifead den sórt sin atá ina sheilbh nó ina seilbh nó, de réir mar a bheidh, faoina chumhacht nó faoina cumhacht nó faoina rialú, a thabhairt don Choimisinéir Achomhairc agus, i gcás gur cuí sin, a cheangal ar an duine freastal os a chomhair nó os a comhair chun na críche sin, agus

(b) scrúdú a dhéanamh ar shleachta as aon taifead is iomchuí, i dtuairim an Choimisinéara Achomhairc, maidir leis an athbhreithniú nó maidir leis an imscrúdú, agus cóipeanna a thógáil de na sleachta sin, agus, chun na gcríoch sin, seilbh a ghlacadh ar aon taifead den sórt sin, é a aistriú ón áitreabh agus é a choinneáil ina sheilbh nó ina seilbh go ceann tréimhse réasúnaí.

(2) Féadfaidh an Coimisinéir Achomhairc, chun críocha athbhreithnithe den sórt sin, dul isteach in aon áitreabh atá á áitiú ag comhlacht earnála poiblí agus, ansin—

(a) a cheangal ar aon duine a gheofar san áitreabh—

(i) cibé faisnéis a bheidh i seilbh an duine agus a theastóidh ón gCoimisinéir Achomhairc le réasún chun na críche sin a thabhairt dó nó di, agus

(ii) agus aon taifead atá faoi chumhacht nó faoi rialú an duine sin a chur ar fáil dó nó di, ar taifead é is iomchuí, i dtuairim an Choimisinéara Achomhairc, maidir leis an gcríoch sin, agus

(b) scrúdú a dhéanamh ar aon taifead a chuirtear ar fáil amhlaidh nó a fhaightear san áitreabh agus cóipeanna a dhéanamh den taifead sin nó de shleachta as.

(3) Faoi réir mhír (4), ní chuirfidh aon achtachán ná rialil dlí lena dtoirmisctear nó lena sriantar faisnéis a nochtadh nó a chur in iúl cosc ar dhuine aon fhaisnéis nó taifead lena mbaineann mír (2) a thabhairt don Choimisinéir.

(4) Beidh duine a ndéantar ceanglas a dhíriú chuige nó chuici faoin Rialachán seo i dteideal na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna a bheadh ag finné i gcúirt.

(5) Féadfaidh an Coimisinéir Achomhairc, más cuí leis nó léi, íocaíochtaí mar a leanas a íoc le haon duine a dhéanfaidh, chun críocha athbhreithnithe faoi Rialachán 12, freastal os comhair an Choimisinéara Achomhairc nó faisnéis nó taifead nó rud eile a thabhairt dó nó di—

(a) suimeanna i leith caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaigh an duine go cuí, agus

(b) liúntais mar chúiteamh as a chuid nó a cuid ama a chailleadh,

ina mbeidh cibé méid a chinnfidh an tAire.

(6) Faoi réir na Rialachán seo, is é an nós imeachta chun athbhreithniú faoi Rialachán 12 a sheoladh cibé nós imeachta is cuí leis an gCoimisinéir Achomhairc in imthosca uile an cháis agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, beidh sé chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir ach é a bheith i gcomhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna an Choimisinéara Achomhairc.

(7)(a) Aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltóidh ceanglas faoin Rialachán seo a chomhlíonadh nó a bhacfaidh nó a choisfidh Coimisinéir Achomhairc i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo beidh cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €2,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(b) I gcás comhlacht corpraithe nó duine a bheidh ag gníomhú thar ceann comhlachta chorpraithe do dhéanamh ciona faoin mír seo agus go gcruthófar go ndearnadh an cion amhlaidh le toiliú, le cúlcheadú nó le ceadú nó gur urasaíodh a dhéanamh le haon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta sin, a d'airbheartaigh a bheidh ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh cion déanta ag an duine sin freisin agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh an cion céadluaithe déanta aige nó aici.

Achomharc chun na hArd-Chúirte, etc.

15. (1) Féadfaidh páirtí in athbhreithniú faoi Rialachán 12 nó aon duine eile a ndéanann cinneadh an Choimisinéara Achomhairc tar éis athbhreithnithe den sórt sin difear dó nó di achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.

(2) Féadfaidh an t-iarrthóir lena mbaineann nó aon duine eile a ndéanann—

(a) cinneadh ag an gCoimisinéir Achomhairc faoi Rialachán 12(2), nó

(a) ordachán ag an gCoimisinéir Achomhairc faoi Rialachán 13(1),

difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh nó an ordacháin sin nó i gcoinne an chinnidh nó an ordacháin sin.

(3) Déanfar achomharc faoin Rialachán seo a thionscnamh tráth nach déanaí ná 8 seachtain tar éis fógra maidir leis an gcinneadh nó maidir leis an ordachán lena mbaineann a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.

(4) Féadfaidh an Coimisinéir Achomhairc aon cheist dlí a éireoidh in athbhreithniú faoi Rialachán 8 a tharchur chuig an Ard-Chúirt lena cinneadh, agus féadfaidh an Coimisinéir Achomhairc déanamh cinnidh tar éis an athbhreithnithe a chur siar go dtí cibé tráth is cuí leis nó léi tar éis chinneadh na hArd-Chúirte.

(5)(a) I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin Rialachán seo ó dhuine a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.

(b) Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine i ndáil le tarchur faoin alt seo, nó iad go léir, a íoc.

(c) Féadfaidh an Chúirt Uachtarach a ordú go ndéanfaidh an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine i ndáil le hachomharc chun na Cúirte sin i gcoinne cinnidh de chuid na hArd-Chúirte, nó iad go léir, a íoc má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann an t-achomharc ar costais iad, murach an mhír seo, nach n-ordódh an Chúirt sin amhlaidh ina leith.

(6) Maidir le cinneadh de chuid na hArd-Chúirte tar éis achomhairc faoi mhír (1) nó (2), sonrófar ann, más cuí, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.

Réamhchúraimí ar thaobh na Cúirte agus Coimisinéara Achomhairc i gcoinne faisnéis áirithe a nochtadh

16. (1) In imeachtaí os comhair Cúirte faoi na Rialacháin seo nó i ndáil leis na Rialacháin seo, glacfaidh an Chúirt gach réamhchúram réasúnach chun cosc a chur leis na nithe seo a leanas a nochtadh don phobal nó, más cuí, do pháirtí (seachas an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann) sna himeachtaí—

(a) faisnéis atá in aon taifead ar taifead díolmhaithe é chun críocha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003, nó

(b) faisnéis i dtaobh taifead a bheith ann nó gan a bheith ann i gcás ina gceanglaítear leis na hAchtanna sin ar cheann an chomhlachta earnála poiblí lena mbaineann (ar ceann den sórt sin é nó í chun críocha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003) gan a nochtadh an ann nó nach ann don taifead.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i réamhchúraimí faoin mír sin—

(a) iomlán aon imeachtaí os comhair Cúirte, nó cuid díobh, a éisteacht ar shlí seachas go poiblí,

(b) de réir mar a chinnfidh sí, toirmeasc a chur le foilsíú faisnéise den sórt sin i ndáil le haon imeachtaí den sórt sin, lena n-áirítear faisnéis i ndáil leis na páirtithe sna himeachtaí agus faisnéis i ndáil lena bhfuil in orduithe arna ndéanamh ag an gCúirt lena mbaineann sna himeachtaí, agus

(c) scrúdú a dhéanamh ar thaifead nó ar chóip de thaifead gan rochtain ar an gcéanna nó faisnéis maidir leis an gcéanna a thabhairt do pháirtí (seachas an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann) sna himeachtaí.

Déanfaidh an Coimisinéir Achomhairc, le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh (lena n-áirítear an t-iomlán nó cuid d'athbhreithniú faoi Rialachán 12 a sheoladh ar shlí seachas go poiblí) chun cosc a chur le faisnéis a shonraítear i mír (a) nó (b) de mhír (1), nó ní a d'fhágfadh go mbeadh taifead áirithe ina thaifead díolmhaithe chun críocha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 dá mbeadh an ní sin san áireamh sa taifead, a

nochtadh don phobal nó, i gcás athbhreithnithe den sórt sin, do pháirtí (seachas an comhlacht earnála poiblí lena mbaineann) sna himeachtaí lena mbaineann.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,
An 16 Meitheamh 2005.
L.S.
Brian Ó Comhain T.D.
Aire Airgeadais